

GLEO: Réamhobair

A Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

Facebook	<i>líonra gnó do dhaoine proifisiúnta</i>
Twitter	<i>ardán le ceol agus podchraoltaí a roinnt</i>
Snapchat	<i>léirmheasanna ar bhialanna, ar óstáin agus ar ghnólachtaí áitiúla</i>
LinkedIn	<i>fóraim chomhrá ar ábhair éagsúla</i>
Flickr	<i>ardán mhicreabhlagála ar ábhair ghinearálta</i>
Boards.ie	<i>líonra ginearálta sóisialta</i>
SoundCloud	<i>fóraim le plé a dhéanamh ar chúrsaí clainne</i>
Mumsnet	<i>óstálaí íomhánna agus físeán do phobal</i>
Yelp	<i>aip ilmheánach mhoibíleach</i>

B Tusa agus na meáin shóisialta.

Cé mhéad ama a chaitheann tú ag úsáid na meán sóisialta i gcaitheamh na seachtaine?

- níos lú ná uair an chloig
- idir dhá uair an choig agus sé huair an chloig
- idir seacht n-uair an chloig agus deich n-uair a chloig
- idir aon uair déag agus naoi n-uair déag
- níos mó ná fiche uair an chloig

Nótaí



GLEO: Mír a hAon

A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1.

2.

3.

B Plé ranga.

Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An féidir leis na meáin shóisialta drochthionchar a bheith acu ar an aos óg?
- An bhfuil contóirtí ag baint leis an saol ar líne?
- Dar leat, céard iad na botúin is mó a dhéanann daoine ó thaobh na sábháilteachta ar líne?

Nótaí


A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé acu de na pointí seo a luaitear sa mhír i dtaobh thionchar na meán sóisialta ar an gcaidreamh sa bhaile?

- Is fearr le daoine téacs a sheoladh ná a bheith ag labhairt lena chéile
- Bíonn siad ag féachaint ar na fóin phóca fiú agus iad i mbialanna i gcomhlúadar daoine eile
- Tá an fón póca an-úsáideach mar uirlis foghlama

2. Cé acu de na huirlisí seo nach luaitear mar shlí le dul ar líne? [dhá rud]

- An fón póca
- An ríomhaire glúine
- Caifé idirlín
- An fón cliste
- An ríomhaire pearsanta

3. Céard í an chontóirt is mó a luaitear leis an saol ar líne sa mhír?

- Tá go leor cibearbhulaíochta ar siúl
- Is féidir víreas a fháil má osclaíonn tú leathanaigh ar leith
- Goidtear sonraí pearsanta go minic, mar sin, is fiú do phasfhocal a athrú go minic

B Gnásanna úsáide idirlín

Cuir na ceisteanna thíos ar do pháirtí ranga agus freagair na ceisteanna a chuirtear ort.

Dalta A

- Cé mhéad ama a chaitheann tú ar an idirlíon i gcaitheamh na seachtaine?
- Céard iad na rudaí is mó a bhíonn ar siúl agat ar líne, e.g. ag dul i dteagmháil le cairde, nó ag imirt cluichí idirghníomhacha?
- An mbeifeá in ann seachtain a chaitheamh gan an fón póca?

Dalta B

- Céard iad na modhanna is mó a úsáideann tú le teagmháil a dhéanamh le do chuid cairde?
- Cé na buntáistí atá ag na meáin shóisialta do dhaoine óga ach go háirithe?
- An dtarlaíonn go leor cibearbhulaíochta i measc an aosa óig, meas tú? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.



A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Roghnaigh fíor nó bréagach thíos.

Dúirt an chéad duine go mbíodh daoine ag brathadh an iomarca ar na meáin shóisialta.

Fíor Bréagach

Dúirt an dara cainteoir nár bhain sí úsáid as na meáin shóisialta nuair a bhí sí amuigh.

Fíor Bréagach

D'admhaigh an tríú cainteoir nach raibh sí in ann féachaint ar scannán gan an fón a bheith ina lámh aici.

Fíor Bréagach

Dúirt an ceathrú cainteoir go ndearna sé neamhaird ar a chuid tuismitheoirí nuair a bhí fón ina lámh aige.

Fíor Bréagach

2. Cén cleas a bhíonn ag Sharon agus a cairde le dul i ngleic leis an nós atá ag daoine a bheith ag féachaint ar an bhfón agus iad amuigh ar oíche shóisialta?

- Caithfidh an chéad duine a fhéachann ar an bhfón póca íoc as an dinnéar
- Deirtear le gach duine na fón phóca a fhágáil sa bhaile
- Bronntar suaitheantas ar dhuine ar bith a chaitheann oíche gan féachaint ar an bhfón póca

3. Céard leis a mbeidh Sharon ag súil i gceann deich mbliana nó mar sin?

- Ceapann sí go mbeidh tuiscint níos fearr againn ar na himpleachtaí a bhaineann le húsáid na méan sóisialta
- Ceapann sí nach mbeidh daoine ag baint an oiread úsáide as na meáin shóisialta is atá faoi láthair
- Ceapann sí go mbeidh níos mó cúrsaí oideachais ar fáil ar líne

B Díospóireacht

Le do ghrúpa, ullmhaigh díospóireacht bunaithe ar cheann de na rúin thíos.

Nochtann déagóirí an iomarca eolais ar líonraí sóisialta.

nó

Tá níos mó brú ón bpiarghrúpa ar dhéagóirí na linne seo de bharr na meán sóisialta.

nó

Tá dea-thionchar ag na meáin shóisialta ar shaol na linne seo, den chuid is mó.